Raidió Fáilte 107.1fm

Éist ar líne **www.raidiofailte.com**

Folúntas Poist

Irischraoltóir Cúnta

Is stáisiún raidió pobail Ghaeilge é Raidió Fáilte atá ag craoladh ar 107.1fm i mBéal Feirste agus ar fud an domhain ar www.raidiofailte.com

Tá Raidió Fáilte Teo ar lorg duine fuinniúil/éirimiúil le bheith freagrach don Phríomh-irischraoltóir Nuachta & Cúrsaí Reatha agus don Bhainisteoir Stáisiúin, i ról mar Irischraoltóir Cúnta ar an fhoireann chraoltóireacht nuachta agus chúrsaí reatha. Duine le hardlíofacht sa Ghaeilge atá gairmiúil/fiosrach agus atá rí-eolach ar chúrsaí nuachta/chúrsaí reatha go logánta, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta; duine atá eolach ar phobal na Gaeilge, ar cheisteanna an phobail i gcoitinne agus ar chúrsaí an tsaoil go ginearálta atá uainn.

Príomhchuspóir an Phoist
Raidió Fáilte mar stáisiún raidió pobail atá tiomanta don Ghaeilge a chur chun cinn trí chúnamh le foireann nuachta Raidió Fáilte craoltóireacht raidió ar ardchaighdeán a chur ar fáil chun sochar na seirbhíse raidió pobail agus chun stádas na Gaeilge sa tsochaí a chothú agus a neartú.

Cur síos poist agus foirm iarratais ar fáil ar: **www.raidiofailte.com**

(Tabhair faoi deara, le do thoil, nach nglacfar le CV sa phróiseas earcaíochta seo)

Tuarastal: **£23,400.00** stg sa bhliain (+ pinsean de 5%)
Post Bliana le féidearthacht ar shíneadh
Tabhair faoi deara, íocfar tuarastal Raidió Fáilte sa £stg
37.5 uair sa tseachtain (lánaimseartha)

Spriocdháta le haghaidh iarratais: 5:00in, Luan 12ú Lúnasa 2024
Táthar ag súil leis na hagallaimh phoist a dhéanamh an tseachtain dar gcionn

Is fostóir comhionannaise deise é Raidió Fáilte agus tá fáilte roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil cúlraí éagsúla acu.

Tá an post seo maoinithe ag The Rank Foundation